SNA BRÓGA SEO – Camille O Sullivan

Bhuail mé le fear a bhí cróga is misniúil
Gléasta don spraoi i ngach áit a bhí
Dúirt sé "Tá radharc an ghrá ón sliabhraon seo
Oíche réaltach beidh gach rud go breá
Dúirt mé sna bróga seo
Ní dóigh liom é
Dúirt mé "a thaiscí, fan liom anseo."

So táim ag suí ins an mbeár i nGuadalajara
Cé siúlann 'steach ach fear le drithle (aisteach) sa súil
Dúirt sé "Tá capall tréan taobh amuigh a'am inniu
Suas ar a dhroim, is rachaimid amú
Tá aithne a'am ar áit, beimid thíos ann faoi bhreachadh an lae."
Dúirt mé sna bróga seo
Ní hea, muise
Dúirt mé "a thaiscí fan liom anseo."

Ní maith léi bheith ag siúl, is ní bheidh sí a' marcaíocht na gcapall
Ach dá bhfeicfeá a rince, tá sé scannalach…

Bhuail mé 'nois le Sasanach
"Oh" dúirt sé
An siúlfá suas agus síos mo dhroim
Bímse beo nuair a dhéanann tú sin.

Dúirt mé sna bróga seo
Maith fear, ní mhairfeá."
Dúirt mé "a thaiscí
Fan liom anseo."
Ní maith léi bheith ag siúl, is ní bheidh sí a' marcaíocht na gcapall
Ach dá bhfeicfeá a rince, tá sé scannalach…

Glór agus Ceol - Camille O Sullivan
Aistriúchán - Clíona Ní Mhuirí
Taifead Gaeilge déanta ag Stiúideo Dearg
Innealtóireacht - Marc Aubele
Foilsithe ag Warner Cahppell ltd/Chrysalis music ltd
www.camilleosullivan.com